# Catherine Connolly

Eochairfhocail: uachtarán, iarrthóir, polaitíocht, páirtí, feachtas uachtaránachta, insealbhú

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cé mhéad deartháir agus deirfiúr a bhí ag Catherine Connolly agus í ag fás aníos i nGaillimh?
2. Cén ollscoil inar bhain Connolly céim sa dlí amach?
3. Cén ghairm bheatha a bhí aici sula ndeachaigh sí leis an bpolaitíocht?
4. Cathain a toghadh Connolly mar chomhairleoir cathrach i nGaillimh den chéad uair?
5. Cén fáth ar fhág sí Páirtí an Lucht Oibre?
6. Cé mhéad páiste atá aici?
7. Cathain a d'fhógair sí go mbeadh sí ag seasamh mar iarrthóir neamhspleách i dtoghchán na hUachtaránachta i mbliana?
8. Ainmnigh dhá rud ar tugadh suntas dóibh le linn fheachtas uachtaránachta Chatherine Connolly.
9. An dtugann Catherine Connolly tacaíocht do stádas neodrachta na tíre seo, de réir fhianaise na míre nuachta seo?
10. An dóigh leat gur uachtarán maith a bheidh i Catherine Connolly? Cén fáth?



Foghlaim TG4

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach

**Ag obair le do pháirtí ranga, féachaigí ar an mír nuachta arís agus pléigí na ráitis seo a leanas eadraibh féin agus ansin scríobhaigí síos cé acu an bhfuil siad fíor nó bréagach**

| | |
|---|---|
| Níl aon deartháireacha nó deirfiúracha ag Catherine Connolly | B |
| Is as Maigh Eo di | |
| Bhain sí céim mháistreachta amach sa tsíceolaíocht chliniciúil | |
| Múinteoir a bhi inti sula ndeachaigh sí leis an bpolaitíocht | |
| Ba bhall í den pháirtí polaitíochta Fine Gael nuair a bhí sí níos óige | |
| Ní raibh Connolly riamh ina méara ar Ghaillimh | |
| Tá an Ghaeilge ar a toil aici | |
| Tá Connolly pósta ar fhear darb ainm Brian | |
| Tá páistí Connolly fós an-óg | |
| Toghadh í mar Theachta Dála den chéad uair sa bhliain 2011 | |
| Ba í an chead bhean riamh i stair na Dála a toghadh ina Leas-Cheann Comhairle | |
| Níor thacaigh aon pháirtí polaitíochta léi ina feachtas uachtaránachta | |
| Is bean ildánach í. Tá sí spórtúil agus tá bua an rince aici | |
| Bhain cúpla conspóid le feachtas uachtaránachta Connolly | |
| Nuair a bhí sí ag obair mar abhcóide d'oibrigh sí ar son na mbanc | |
| Creideann sí gur chóir deireadh a chur le neodracht na tíre seo ó thaobh chúrsaí míleata de | |
| Ba í Mairéad Mc Guinness an céile comhraic a bhí ag Catherine Connolly sa toghchán uachtaránachta | |
| Bhí Connolly ar gcúl sna pobalbhreitheanna go minic i rith an toghcháin | |
| Is í Catherine Connolly a bheidh ina deichiú hUachtarán ar Éirinn sna seachtainí atá amach romhainn | |

Foghlaim TG4

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Déanfar Catherine Connolly a insealbhú mar an deichiú hUachtarán ar Éirinn i gceann cúpla seachtain. Scríobh cuntas gairid faoi na cúiseanna ar fad a gceapann tú gur Uachtarán maith nó nach Uachtarán maith a bheidh i Catherine Connolly. Is leor 150 focal sa chuntas. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- creidim
- táim den tuairim go
- bean inspioráideach
- tuairimí áiféiseacha
- bean chonspóideach
- beart de réir a briathar
- is mór aici ....
- tacaíonn sí le feachtais chonspóideacha, cosúil le ....
- Gaillimheach
- togha na Gaeilge
- cúrsaí idirnáisiúnta
- liobrálach
- an eite chlé
- Uachtarán ar son an phobail go léir
- Is maith an scéalaí an aimsir
- in amhras fúithi

## Freagraí

1. 13
2. Ollscoil na Gaillimhe
3. Abhcóide
4. Rinne an Páirtí cinneadh gan an dara hiarrthóir a roghnú i nGaillimh Thiar do thoghchán na Dála sa bhliain 2007
6. Beirt mhac
7. Mí Iúil
8. A scileanna peile, a cumas sa rince seit, a tacaíocht leanúnach don Phalaistín
9. Tugann

1. B
2. B
3. F
4. B
5. B
6. F
7. F
8. F
9. B
10. B
11. F
12. B
13. F
14. F
15. F
16. B
17. B
18. B
19. F

